**CINNEADH (AE) 2023/705 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Márta 2023**

**lena leasaítear Cinntí (AE) 2017/175 agus (AE) 2018/680 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh maidir le cóiríocht do thurasóirí d'Éicilipéad an AE agus seirbhísí glantacháin laistigh d'Éicilipéad an AE le haghaidh táirgí áirithe a bhaineann le fuinneamh**

*(A bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiceaméad C (2023) 2067)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Bord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 go bhféadfaí Éicilipéad an AE a dhámhachtain ar tháirgí ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol le linn a saolré. Tá critéir shonracha Éicilipéad an AE le bunú do gach grúpa táirgí.

(2) Le Cinneadh (AE) 2017/175 ([2]) ón gCoimisiún, bunaíodh critéir Éicilipéad an AE agus ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú don ghrúpa táirgí "cóiríocht do thurasóirí".

(3) Le Cinneadh (AE) 2018/680 ón gCoimisiún ([3]), bunaíodh critéir Éicilipéad an AE agus ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú don ghrúpa táirgí "seirbhísí glantacháin laistigh".

(4) Áirítear sa dá Chinneadh (AE) 2017/175 agus (AE) 2018/680 ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh táirgí sonracha a bhaineann le fuinneamh, lena dtagraítear don reachtaíocht is gá a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Thug an Coimisiún lipéid éifeachtúlachta fuinnimh athscálaithe A go G isteach le haghaidh táirgí áirithe a bhaineann le fuinneamh ("táirgí athscálaithe") de réir an phlean oibre dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Tagraítear do na táirgí athscálaithe sin i gcritéar 8, 31 (a), 31 (c), 31 (d), 31 (e) agus 31 (h) de Chinneadh (AE) 2017/175, agus i gcritéar O10 (a) de Chinneadh (AE) 2018/680 agus is foinsí solais iad, faoi seach, fearais chuisniúcháin, miasniteoirí tí, meaisíní níocháin tí agus

([1]) IO L 27, 30.1.2010, lch. 1.

([2]) Cinneadh (AE) 2017/175 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2017 maidir le critéir Éicilipéad an AE le haghaidh cóiríocht do thurasóirí a bhunú (IO L 28, 2.2.2017, lch. 9).

([3]) Cinneadh (AE) 2018/680 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2018 lena mbunaítear critéir Éicilipéad an AE do sheirbhísí glantacháin laistigh (IO L 114, 4.5.2018, lch. 22).

([4]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

taispeáintí leictreonacha. Ós rud é gur aisghaireadh Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/2015 ([5]), (AE) 2019/2016 ([6]), (AE) 2019/2017 ([7]), (AE) 2019/2014 ([8]) agus (AE) 2019/2013 ([9]) ón gCoimisiún Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ([10]), (AE) Uimh. 1060/2010 ([11]), (AE) Uimh. 1059/2010 ([12]), (AE) Uimh. 1061/2010 ([13]) agus (AE) Uimh. 1062/2010 ([14]) ón gCoimisiún, ní mór, dá bhrí sin, na critéir sin a nuashonrú le tagairtí do cheanglais fuinnimh a leagtar amach i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/2015, (AE) 2019/2016, (AE) 2019/2017, (AE) 2019/2014 agus (AE) 2019/2013. I dteannta na dtagairtí, ní mór na critéir sin a thabhairt cothrom le dáta chun na haicmí barr éifeachtúlachta fuinnimh athscálaithe a léiriú ionas go leanfaidh critéir Éicilipéad an AE de bheith ag freagairt don 10-20 % is fearr de na táirgí atá ar fáil ar mhargadh an Aontais ó thaobh feidhmíochta comhshaoil de, i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Cuid A, pointe 2 de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010.

(6) Ba cheart tagairtí do na ceanglais fuinnimh a leagtar amach i Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 874/2012, (AE) Uimh. 1060/2010, (AE) Uimh. 1059/2010, (AE) Uimh. 1061/2010 agus (AE) Uimh. 1062/2010 a choimeád i gCinneadh (AE) 2017/175 agus i gCinneadh (AE) 2018/680 chun go bhféadfar a mheas go bhfuil táirgí a ceannaíodh roimh theacht i bhfeidhm na rialacha nua maidir le lipéadú fuinnimh i gcomhréir le critéir Éicilipéad an AE.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh le haghaidh foinsí solais agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ón gCoimisiún, (IO L 315, 5.12.2019, lch. 68).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2016 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh fearais chuisniúcháin agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1060/2010 ón gCoimisiún, (IO L 315, 5.12.2019, lch. 102).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh miasniteoirí tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1059/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 134).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún agus Treoir 96/60/CE ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 29).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh taispeántais leictreonacha agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2010 ón gCoimisiún, (IO L 315, 5.12.2019, lch. 1).

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do lampaí leictreacha agus do shoilse (IO L 258, 26.9.2012, lch. 1).

([11]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1060/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh d'fhearais chuisniúcháin tí (IO L 314, 30.11.2010, lch. 17).

([12]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1059/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéad a bhaineann le lipéadú fuinnimh do mhiasniteoirí tí (IO L 314, 30.11.2010, lch. 1).

([13]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do mheaisíní níocháin tí (IO L 314, 30.11.2010, lch. 47).

([14]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do theilifíseáin (IO L 314, 30.11.2010, lch. 64).

(7) Áirítear le critéar 31 (e) a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/175 tagairtí do chlár Energy Star AE maidir le trealamh oifige agus do chomhaontuithe Energy Star AE-SAM ([15]), ([16]) a chuaigh in éag an 20 Feabhra 2018. D'fhonn a ráthú go mbeidh ardfheidhmíocht chomhshaoil ag critéir Éicilipéad an AE, in éagmais lipéad ábhartha fuinnimh nó Rialachán lena sainmhínítear aicmí fuinnimh do threalamh oifige, seachas i gcás "taispeáintí leictreonacha" a bhfuil aicmí éifeachtúlachta fuinnimh athscálaithe ar fáil dóibh[9], ba cheart go gceanglófaí leis an gceanglas leasaithe go gcáileoidh trealamh oifige nuacheannaithe de réir éicilipéad EN ISO 14024 de chineál I ([17]).

(8) Le critéar 31(g) a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/175 agus le critéar O5 a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2018/680, tugtar aird ar iarratasóirí ar Éicilipéad an AE maidir le folúsghlantóirí atá tíosach ar fhuinneamh a úsáid agus áirítear leis tagairt do Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 665/2013 ([18]) ón gCoimisiún agus d'aicmí gaolmhara éifeachtúlachta fuinnimh. Rinne an Chúirt Ghinearálta, le cinneadh i gcás T-544/13 RENV, an Rialachán Tarmligthe sin a neamhniú ([19]). Chun a áirithiú gur féidir leanúint de phointí a dhámhachtain ar iarratasóirí Éicilipéad an AE as folúsghlantóirí atá tíosach ar fhuinneamh a úsáid, ba cheart tagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 666/2013 ón gCoimisiún a chur in ionad na dtagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 665/2013 a cuireadh ar neamhní ([20]), agus ba cheart tagairtí do thairseacha bliantúla tomhaltais fuinnimh a chur in ionad na dtagairtí d'aicmí éifeachtúlachta fuinnimh.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2017/175 agus Cinneadh (AE) 2018/680 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2017/175 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2018/680 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

---

([15]) Cinneadh (AE) 2015/1402 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2015 lena gcinntear seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le cinneadh ó na heintitis bhainistíochta faoin gComhaontú idir Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le comhordú clár um lipéadú faoi thíosacht ar fhuinneamh do threalamh oifige i ndáil le hathbhreithniú sonraíochtaí le haghaidh ríomhairí a áirítear in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gComhaontú (IO L 217, 18.8.2015, lch. 9).

([16]) 16 Cinneadh 2014/202/AE ón gCoimisiún an 20 Márta 2014 lena gcinntear seasamh an Aontais Eorpaigh le haghaidh cinneadh ó na heintitis Bhainistíochta faoin gComhaontú idir Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le cláir um lipéadú faoi thíosacht ar fhuinneamh a chomhordú do threalamh oifige i ndáil le sonraíochtaí a chur le freastalaithe ríomhaireachta agus soláthairtí cumhachta do-idirbhriste d'Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gComhaontú agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar shonraíochtaí maidir le trealamh taispeána agus íomháithe a áirítear in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gComhaontú (IO L 114, 16.4.2014, lch. 68).

([17]) ISO 14024:2018. Lipéid agus dearbhuithe comhshaoil — Lipéadú comhshaoil de Chineál I – Prionsabail agus nósanna imeachta.

([18]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 665/2013 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh d'fholúsghlantóirí (IO L 192, 13.7.2013, lch. 1)

([19]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta, Dyson Ltd v An Coimisiún Eorpach, Cás T-544/13 RENV, ECLI:EU:T:2018:761.

([20]) Rialachán (AE) Uimh. 666/2013 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh folúsghlantóirí (IO L 192, 13.7.2013, lch. 24).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Virginijus SINKEVIČIUS
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2017/175 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad chritéar 8:

"**Critéar 8 — Soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh**

(a) Ag dáta dámhachtana cheadúnas Éicilipéad an AE:

(i) beidh Aicme A ar a laghad ag 40 % ar a laghad de na foinsí solais uile sa chóiríocht do thurasóirí mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ón gCoimisiún (*), de réir mar is infheidhme an 31 Lúnasa 2021, nó beidh Aicme D ar a laghad acu mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015 ón gCoimisiún (**).

(ii) 50 % ar a laghad de na foinsí solais atá suite inar dócha go gcuirfear na lampaí ar siúl ar feadh níos mó ná cúig huaire an chloig in aghaidh an lae, beidh Aicme A ar a laghad acu mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012, de réir mar is infheidhme an 31 Lúnasa 2021, nó beidh Aicme D ar a laghad acu mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015.

(b) Ar feadh 2 bhliain ar a mhéad ó dháta dámhachtana cheadúnas Éicilipéad an AE:

(i) beidh Aicme A ar a laghad ag 80 % ar a laghad de na foinsí solais uile sa chóiríocht do thurasóirí mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012, de réir mar is infheidhme an 31 Lúnasa 2021, nó beidh Aicme D ar a laghad acu mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015;

(ii) 100 % de na foinsí solais atá suite inar dócha go gcuirfear na lampaí ar siúl ar feadh níos mó ná cúig huaire an chloig in aghaidh an lae, beidh Aicme A ar a laghad acu mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012, de réir mar is infheidhme an 31 Lúnasa 2021, nó beidh Aicme D ar a laghad acu mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015.

Nóta: Socraítear céatadáin mar thagairt do mhéid iomlán na bhfeisteas solais atá oiriúnach le soilsiú coigilte fuinnimh a úsáid. Ní bhaineann na spriocanna thuas le feistis solais nach gceadaíonn a saintréithe fisiceacha soilsiú coigilte fuinnimh a úsáid.

***Measúnú agus fíorú***

Cuirfidh an t-iarratasóir tuarascálacha scríofa ar fáil don chomhlacht inniúil ina léireofar méid iomlán na lampaí agus na soilse atá oiriúnach chun soilsiú coigilte fuinnimh, uaireanta oibriúcháin agus an méid coigilte fuinnimh, lampaí agus soilse ag a bhfuil lampaí solais agus soilse atá tíosach ar fhuinneamh d'Aicme A ar a laghad a úsáid mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012, de réir mar is infheidhme an 31 Lúnasa 2021, nó foinsí solais ag a bhfuil ar a laghad Aicme D éifeachtúlachta fuinnimh mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015. Áireofar sna tuarascálacha freisin an míniú ar an dodhéantacht lampaí agus soilse a ionadú i gcás nach féidir lampaí agus soilse coigilte fuinnimh a úsáid mar gheall ar shaintréithe fisiceacha. Soláthrófar dhá thuarascáil, an chéad cheann ar dháta an iarratais agus an dara tuarascáil laistigh de 2 bhliain ar a mhéad ó dháta na dámhachtana faoi seach.

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na saintréithe fisiceacha a d'fhéadfadh cosc a chur ar úsáid bolgán solais coigilte fuinnimh: soilsiú maisiúil a éilíonn lampaí agus soilse speisialaithe; soilsiú inadhainte; cásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh soilsiú coigilte fuinnimh ar fáil. I gcás inarb amhlaidh an cás, cuirfear fianaise ar fáil chun a léiriú cén fáth nach féidir lampaí coigilte fuinnimh agus soilse a úsáid. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin, mar shampla, fianaise fhótagrafach.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do lampaí leictreacha agus do shoilse (IO L 258, 26.9.2012, lch. 1).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh le haghaidh foinsí solais agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ón gCoimisiún, (IO L 315, 5.12.2019, lch. 68)."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad chritéar 31:

"**Critéar 31. Soilsiú agus fearais tí atá tíosach ar fhuinneamh (suas le 4 phointe)**

Beidh fearais atá tíosach ar fhuinneamh ag an gcóiríocht do thurasóirí sna catagóirí seo a leanas (0,5 pointe nó 1 phointe gach ceann de na catagóirí seo a leanas, go 4 phointe ar a mhéad):

(a) fearais chuisniúcháin tí, a mbeidh ar a laghad 50 % (0,5 pointe) nó 90 % díobh (1 phointe) (arna shlánú go dtí an chéad slánuimhir eile) d'Aicme A++ nó níos fearr de Lipéad Fuinnimh an Aontais mar a leagtar síos in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1060/2010 ón gCoimisiún ([1])*, de réir mar is infheidhme an 28 Feabhra 2021, nó beidh siad d'Aicme D ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de ar a laghad mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2016 ón gCoimisiún ([2])*;

(b) oighinn leictreacha tí, a mbeidh ar a laghad 50 % (0,5 pointe) nó 90 % (1 phointe) díobh (arna shlánú go dtí an chéad slánuimhir eile) d'Aicme A++ nó níos fearr ná sin de Lipéad Fuinnimh an Aontais mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 65/2014 ón gCoimisiún ([3])*;

(c) miasniteoirí tí, a mbeidh ar a laghad 50 % (0,5 pointe) nó 90 % de (1 phointe) (arna shlánú go dtí an chéad slánuimhir eile) d'Aicme A++ nó níos fearr de Lipéad Fuinnimh an Aontais mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1059/2010 ón gCoimisiún ([4])*, de réir mar is infheidhme an 28 Feabhra 2021, nó beidh siad d'Aicme C ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de ar a laghad mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 ón gCoimisiún ([5])*;

(d) meaisíní níocháin tí, a mbeidh ar a laghad 50 % (0,5 pointe) nó 90 % de (1 phointe) (arna shlánú go dtí an chéad slánuimhir eile) d'Aicme A++ nó níos fearr de Lipéad Fuinnimh an Aontais mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún ([6])*, de réir mar is infheidhme an 28 Feabhra 2021, nó beidh siad d'Aicme A ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de ar a laghad mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún ([7])*;

(e) trealamh oifige, a mbeidh ar a laghad 50 % (0,5 pointe) nó 90 % (1 phointe) (arna shlánú go dtí an chéad slánuimhir eile) de a chomhlíonann an méid seo a leanas:

i. trealamh oifige a ceannaíodh roimh an 20 Feabhra 2018, tá sé cáilithe mar a leanas, faoi na comhaontuithe a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2015/1402 ón gCoimisiún ([8])* agus i gCinneadh 2014/202/AE ([9])*:

— comhlíonann sé Energy Star v6.1 le haghaidh ríomhairí;

— comhlíonann sé Energy Star v6.0 le haghaidh taispeántas;

— comhlíonann sé Energy Star v2.0 le haghaidh trealamh íomháithe;

— comhlíonann sé Energy Star v1.0 le haghaidh soláthairtí cumhachta do-idirbhriste;

— comhlíonann sé Energy Star v2.0 le haghaidh freastalaithe fiontair;

ii. trealamh oifige a ceannaíodh tar éis an 20 Feabhra 2018, is mar a leanas a cháilítear é:

— comhlíonann sé EN ISO 14024 ([10])* an t-éicilipéad de chineál I, le haghaidh trealamh oifige seachas taispeáintí leictreonacha,

— is faoi Aicme E ar a laghad maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thagann sé i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2013 ón gCoimisiún ([11])*, le haghaidh taispeáintí leictreonacha;

(f) tumadóirí rothlaim tí, a mbeidh ar a laghad 50 % (0,5 pointe) nó 90 % (1 phointe) (arna slánú go dtí an chéad slánuimhir eile) díobh ar a laghad ag Aicme A++ nó níos fearr ná sin mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 392/2012 ón gCoimisiún ([12])*;

(g) folúsghlantóirí tí, a mbeidh tomhaltas fuinnimh bliantúil (AE) ag 50 % (0,5 pointe) nó 90 % de (1 phointe) (arna shlánú go dtí an chéad slánuimhir eile) mar a leagtar síos in Iarscríbhinn II, pointe 3 de Rialachán (AE) Uimh. 666/2013 ón gCoimisiún ([13])* faoi bhun 28 kWh/bliain;

(h) lampaí agus soilse leictreacha, a mbeidh ar a laghad 50 % (0,5 pointe) nó 90 % de (1 phointe) (arna shlánú go dtí an chéad slánuimhir eile) d'Aicme A++ ar a laghad mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an 31 Lúnasa 2021, nó beidh siad d'Aicme C ar a laghad mar a chinntear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015 ón gCoimisiún.

Nóta: Níl feidhm ag an gcritéar maidir le fearais agus soilsiú nach gcumhdaítear leis na Rialacháin atá luaite le haghaidh gach catagóire (e.g. fearais thionsclaíocha).

***Measúnú agus fíorú***

Soláthróidh an t-iarratasóir doiciméadacht lena léirítear aicme fuinnimh (Deimhniú Energy Star le haghaidh chatagóir (e)) na bhfearas uile don chatagóir is infheidhme a ceannaíodh roimh an 20 Feabhra 2018.

Cuirfidh an t-iarratasóir cóip de dheimhniú éicilipéid EN ISO 14024 de chineál I ar fáil maidir leis na fearais nó an doiciméadacht ábhartha uile lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais maidir le haicme fuinnimh, (amhail sonraisc, bileoga teicniúla agus dearbhuithe monaróra), de gach fearas le haghaidh na catagóire is infheidhme a ceannaíodh tar éis an 20 Feabhra 2018.

(1)* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1060/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh d'fhearais chuisniúcháin tí (IO L 314, 30.11.2010, lch. 17).

(2)* Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2016 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh fearais chuisniúcháin agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1060/2010 ón gCoimisiún, (IO L 315, 5.12.2019, lch. 102).

(3)* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 65/2014 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh d'oighinn bhaile agus do chochaill sorn (IO L 29, 31.1.2014, lch. 1).

(4)* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1059/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh miasniteoirí tí (IO L 314, 30.11.2010, lch. 1).

(5)* Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh miasniteoirí tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1059/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 134).

(6)* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do mheaisíní níocháin tí (IO L 314, 30.11.2010, lch. 47).

(7)* Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún agus Treoir 96/60/CE ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 29).

(8)* Cinneadh (AE) 2015/1402 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2015 lena gcinntear seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le cinneadh ó na heintitis bhainistíochta faoin gComhaontú idir Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le comhordú clár um lipéadú faoi thíosacht ar fhuinneamh do threalamh oifige i ndáil le hathbhreithniú sonraíochtaí le haghaidh ríomhairí a áirítear in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gComhaontú (IO L 217, 18.8.2015, lch. 9).

(9)* Cinneadh 2014/202/AE ón gCoimisiún an 20 Márta 2014 lena gcinntear seasamh an Aontais Eorpaigh le haghaidh cinneadh ó na heintitis Bainistíochta faoin gComhaontú idir Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le cláir um lipéadú faoi thíosacht ar fhuinneamh a chomhordú do threalamh oifige maidir le sonraíochtaí le haghaidh freastalaithe ríomhaireachta agus soláthairtí cumhachta do-idirbhriste a chur le hIarscríbhinn C a ghabhann leis an gComhaontú agus maidir le hathbhreithniú na sonraíochtaí maidir le trealamh taispeána agus íomháithe a áirítear in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gComhaontú (IO L 114, 16.4.2014, lch. 68).

(10)* EN ISO 14024. Lipéid agus dearbhuithe comhshaoil – Lipéadú comhshaoil de Chineál I – Prionsabail agus nósanna imeachta. An dara heagrán 2018-02.

(11)* Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh taispeántais leictreonacha agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2010 ón gCoimisiún, (IO L 315, 5.12.2019, lch. 1).

(12)* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 392/2012 ón gCoimisiún an 1 Márta 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do thriomadóirí rothlaim tí (IO L 123, 9.5.2012, lch. 1).

(13)* Rialachán (AE) Uimh. 666/2013 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2013 lena gcuirtear Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh folúsghlantóirí i bhfeidhm (IO L 192, 13.7.2013, lch. 24)."

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2018/680 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad chritéar O5:

"**Critéar O5 — Éifeachtúlacht fuinnimh d'fholúsghlantóirí (3 phointe)**

Ní chumhdaítear leis an gcritéar seo ach folúsghlantóirí a chumhdaítear faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 666/2013 ón gCoimisiún *. Díolmhaítear ó raon feidhme an Rialacháin sin folúsghlantóirí agus snasairí urláir atá fliuch, fliuch agus tirim, róbait, folúsghlantóirí tionsclaíocha, lárnacha agus oibrithe ceallraí agus folúsghlantóirí lasmuigh.

Beidh tomhaltas fuinnimh bliantúil (AE) mar a leagtar síos in Iarscríbhinn II, pointe 3 de Rialachán (AE) Uimh. 666/2013 ag 40 % ar a laghad le haghaidh folúsghlantóirí (arna shlánú suas go dtí an chéad slánuimhir eile) ar leis an iarratasóir iad nó atá ar léas aige agus a úsáidtear chun seirbhísí glantacháin laistigh d'Éicilipéad an AE a sholáthar:

— faoi bhun 28 kWh in aghaidh na bliana le haghaidh folúsghlantóirí a ceannaíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2017,

— faoi bhun 22 kWh in aghaidh na bliana le haghaidh folúsghlantóirí a ceannaíodh tar éis an 1 Meán Fómhair 2017.

***Measúnú agus fíorú***

Cuirfidh an t-iarratasóir doiciméadacht ar fáil lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais bhliantúla maidir le hídiú fuinnimh (amhail dearbhú ón monaróir), mar aon le liosta iomlán folúsghlantóirí a úsáidtear chun seirbhísí Éicilipéad an AE a sholáthar.'

(2) leasaítear critéar O10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Ní bheidh feidhm ag fo-scríobh O10 (a) ach amháin má úsáidtear meaisíní níocháin tí a chumhdaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún **, chomh maith le Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 *** ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an 28 Feabhra 2021, nó le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún ****'

(b) faoin teideal 'O10 (a): Lipéad fuinnimh (suas le 2 phointe)', cuirtear an méid seo a leanas leis:

'Nó tuillfidh an t-iarratasóir pointí bunaithe ar chéatadán na meaisíní níocháin tí (arna shlánú suas go dtí an chéad slánuimhir eile) a chomhlíonann aicme B nó aicme A atá rátaithe ó Lipéad Fuinnimh an Aontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 mar a leanas:

— 50 % ar a laghad d'aicme B nó meaisíní níos fearr: 1 phointe

— 90 % ar a laghad d'aicme B nó meaisíní níos fearr: 2 phointe

— 50 % ar a laghad de mheaisíní aicme A: 2 phointe"

(c) faoin teideal "Measúnú agus fíorú", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Féadfar bileoga táirgí i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 **, de réir mar is infheidhme an 28 Feabhra 2021, nó Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ****, a úsáid mar chruthúnas ar chomhlíonadh an cheanglais sin."

(*) Rialachán (AE) Uimh. 666/2013 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta do choirí breosla sholadaigh (IO L 192, 13.7.2013, lch. 24).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2010 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do mheaisíní níocháin tí (IO L 314, 30.11.2010, lch. 47).

(***) Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta do mheaisíní níocháin tí (IO L 293, 11.11.2010, lch. 21).

(****) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún agus Treoir 96/60/CE ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 29).